



Ciorclán 0048/2019

**Chuíg: Príomhoide/ Rúnaí Boird Bhainistíochta
de gach Pobalscoil/ Scoil Chuimsitheach**

**LEASÚ AR THUARASTÁL RÚNAITHE SCOILE AGUS BAILL FOIRNE COTHABHÁLA I
bPOBALSCOILEANNA AGUS SCOILEANNA CUIMSITHEACHA
LE hÉIFEACHT Ó 1 MEÁN FÓMHAIR 2019**

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna a chur in iúl do Phobalscoileanna/Scoileanna Cuimsitheacha, baill foirne rúnaíochta scoile agus baill foirne cothabhála maidir leis an iarratas ar leasú ar rátaí tuarastail le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019.
2. Tá na rátaí pá leasaithe tugtha isteach mar thoradh ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2020 (Comhaontú Bóthar Haddington / Comhaontú Bóthar Lansdúin) agus an tAcht um Pinsean na Seirbhíse Poiblí 2017.

Méaduithe tuarastail le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019

3. Tuarastail bhliantúlaithe **le méadú faoi 1.75%** le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019.

Scálaí tuarastail leasaithe

4. Tá na scálaí tuarastail leasaithe ina bhfuil an méadú curtha i bhfeidhm agus a bheidh ag tosú ón 1 Meán Fómhair 2019 ceangailte in Aguisín leis an gCiorclán seo.
5. Tagann téarmaí an Chiorcláin seo in áit na scálaí tuarastail agus rátaí in aghaidh na huairé iníoctha leis na baill foirne lena mbaineann siad atá leagtha amach i gCiorcláin roimhe seo le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019.

Baill foirne pháirtaimseartha / a íoctar in aghaidh na huairé

6. Féadfar pá na mball foirne páirtaimseartha nó pá na mball foirne a íoctar in aghaidh na huairé a leasú, i gcomhréir leis na gnáthshocruithe, i dtaca le pá na mball foirne lánaimseartha lena mbaineann siad chun críche pá i gcomhréir leis an gCiorclán seo.

Ragobair

7. Ba chóir íocaíocht ar ragobair a tharlaíonn ar nó i ndiaidh an 1 Meán Fómhair 2019 a áireamh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí leasaithe pá le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2019.

Asbhaintí ó Phá

8. Léirítear asbhaintí ó phá mar chéatadán den phá (m.sh., plean leanúnachas ioncaim, síntiús ceardchumann) agus is cóir iad a ath-áireamh i dtaca leis na rátaí pá leasaithe atá curtha ar fáil sa litir seo.

Srianta Breise maidir le Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta a Aontaíodh le héifeacht ón 30 Samhain 2015

9. Meabhraítear d'Fhostóirí go bhfuil leasú déanta ar Acht na nAirí agus na Rúnaithe (Leasú) 2011 faoin Acht FEMPI 2015 chun srianta breise a thabhairt isteach maidir le téarmaí agus coinníollach fostaíochta a aontaíodh le fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus leis na fostóirí san eagraíocht phoiblí lena mbaineann siad le héifeacht ó 30 Samhain 2015. Tá na codanna ábhartha den Acht ar fáil in Aguisín 2.

Dáileadh agus Fiosruithe

10. Déan deimhin de le do thoil go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do bhaill uile an Bhoird Bhainistíochta agus go ndírítear aird na foirne lena mbaineann sé agus atá fostaithe agat, iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh, ar a bhfuil sa Chiorclán.
11. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie
12. Is cóir fiosruithe faoin gCiorclán a chur ar ríomhphost chuig sdfinfo@education.gov.ie

Padraig Maloney
Príomhoifigeach
Airgeadais Scoileanna

Tara Carton
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtrach

14 Lúnasa 2019

Aguisín 1.

**SCÁLAÍ PÁ DO RÚNAITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA
CUIMSITHEACHA LE hÉIFEACHT ÓN 1 MEÁN FÓMHAIR 2019**

Grád III:

Pointe ar an Scála	Iontrálaithe roimh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019	Iontrálaithe i ndiaidh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019
1	€ 25,964	€ 23,999
2	€ 26,753	€ 25,576
3	€ 27,902	€ 25,964
4	€ 29,056	€ 26,753
5	€ 30,211	€ 27,902
6	€ 31,047	€ 29,056
7	€ 32,156	€ 30,211
8	€ 33,261	€ 31,047
9	€ 34,045	€ 32,156
10	€ 35,142	€ 33,261
11	€ 36,244	€ 34,045
12	€ 38,320	€ 35,142
13		€ 36,244
14		€ 38,320
*Incrimint Fadseirbhíse	€ 39,794	€ 39,794

*** tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ag an gcéim is airde**

Grád IV:

Pointe ar an Scála	Iontrálaithe roimh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019	Iontrálaithe i ndiaidh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019
1	€ 30,741	€ 28,048
2	€ 32,850	€ 29,966
3	€ 34,645	€ 30,741
4	€ 36,218	€ 32,850
5	€ 37,735	€ 34,645
6	€ 39,787	€ 36,218
7	€ 41,270	€ 37,735
8	€ 42,777	€ 39,787
9		€ 41,270
10		€ 42,777
*Incrimint Fadseirbhíse 1	€ 44,163	€ 44,163
** Incrimint Fadseirbhíse 2	€ 45,555	€ 45,555

*** tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ag an gcéim is airde**

**** tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ag an 1^ú Incrimint Fadseirbhíse**

SCÁLA PÁ D'FHEIGHLITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (CATHAIR CHORCAÍ SAN ÁIREAMH I ndIAIDH 1989)

Feighlí	Iontrálaithe roimh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019	Iontrálaithe i ndiaidh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019
arna (h)earcú	€ 606.36	€ 553.19
tar éis 6 mhí	€ 609.58	€ 565.95
tar éis 1½ bliana	€ 612.64	€ 606.36
tar éis 2½ bliana	€ 614.30	€ 609.58
tar éis 3½ bliana	€ 615.95	€ 612.64
tar éis 4½ bliana	€ 617.70	€ 614.30
tar éis 5½ bliana	€ 619.41	€ 615.95
tar éis 6½ bliana	€ 621.26	€ 617.70
tar éis 7½ mbliana	€ 623.01	€ 619.41
tar éis 8½ mbliana	€ 624.86	€ 621.26
tar éis 9½ mbliana	€ 626.80	€ 623.01
tar éis 10½ mbliana	€ 628.75	€ 624.86
tar éis 11½ bliana	€ 630.55	€ 626.80
tar éis 12½ bliana		€ 628.75
tar éis 13½ bliana		€ 630.55

SCÁLA PÁ DO FHREASTALAITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH

Freastalaí	Iontrálaithe roimh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019	Iontrálaithe i ndiaidh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019
Arna (h)earcú	€ 590.94	€ 539.17
tar éis 6 mhí	€ 594.17	€ 552.01
tar éis 1½ bliana	€ 597.16	€ 590.94
tar éis 2½ bliana	€ 598.90	€ 594.17
tar éis 3½ bliana	€ 600.67	€ 597.16
tar éis 4½ bliana	€ 602.35	€ 598.90
tar éis 5½ bliana	€ 604.13	€ 600.67
tar éis 6½ bliana	€ 605.89	€ 602.35
tar éis 7½ mbliana	€ 607.74	€ 604.13
tar éis 8½ mbliana	€ 609.60	€ 605.89
tar éis 9½ mbliana	€ 611.50	€ 607.74
tar éis 10½ mbliana	€ 613.42	€ 609.60
tar éis 11½ bliana	€ 615.26	€ 611.50
tar éis 12½ bliana		€ 613.42
tar éis 13½ bliana		€ 615.26

PÁ D'FHEIGHLITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (CATHAIR CHORCAÍ SAN ÁIREAMH I ndIAIDH 1989)
 (Daoine nach bhfuil mar bhaill den Scéim Pinsin)

Feighlí	Iontrálaithe roimh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019	Iontrálaithe i ndiaidh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019
Arna (h)earcú	€ 605.80	€ 552.68
tar éis 6 mhí	€ 609.05	€ 565.48
tar éis 1½ bliana	€ 612.13	€ 605.80
tar éis 2½ bliana	€ 613.78	€ 609.05
tar éis 3½ bliana	€ 615.47	€ 612.13
tar éis 4½ bliana	€ 617.19	€ 613.78
tar éis 5½ bliana	€ 618.91	€ 615.47
tar éis 6½ bliana	€ 620.72	€ 617.19
tar éis 7½ mbliana	€ 622.52	€ 618.91
tar éis 8½ mbliana	€ 624.34	€ 620.72
tar éis 9½ mbliana	€ 626.26	€ 622.52
tar éis 10½ mbliana	€ 628.20	€ 624.34
tar éis 11½ bliana	€ 630.05	€ 626.26
tar éis 12½ bliana		€ 628.20
tar éis 13½ bliana		€ 630.05

PÁ FREASTALAITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH
 (Daoine nach bhfuil mar bhaill den Scéim Pinsin)

Freastalaí	Iontrálaithe roimh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019	Iontrálaithe i ndiaidh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019
Arna (h)earcú	€ 590.41	€ 538.69
tar éis 6 mhí	€ 593.66	€ 551.55
tar éis 1½ bliana	€ 596.68	€ 590.41
tar éis 2½ bliana	€ 598.37	€ 593.66
tar éis 3½ bliana	€ 600.14	€ 596.68
tar éis 4½ bliana	€ 601.90	€ 598.37
tar éis 5½ bliana	€ 603.58	€ 600.14
tar éis 6½ bliana	€ 605.42	€ 601.90
tar éis 7½ mbliana	€ 607.20	€ 603.58
tar éis 8½ mbliana	€ 609.08	€ 605.42
tar éis 9½ mbliana	€ 610.95	€ 607.20
tar éis 10½ mbliana	€ 612.90	€ 609.08
tar éis 11½ bliana	€ 614.80	€ 610.95
tar éis 12½ bliana		€ 612.90

tar éis 13½ bliana		€ 614.80
--------------------	--	----------

ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ PCW D'OIBRITHE GINEARÁLTA (Baill den Scéim Pinsean Ranníocach)

FEIGHLITHE	Iontrálaithe roimh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019	Iontrálaithe i ndiaidh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019
	€ 573.82	€ 523.62
	€ 578.27	€ 537.04
	€ 580.10	€ 579.56
	€ 581.90	€ 584.06
	€ 583.56	€ 585.90
	€ 585.51	€ 587.72
	€ 587.36	€ 589.39
	€ 589.07	€ 589.39
	€ 590.97	€ 589.39
	€ 592.89	€ 589.39
	€ 595.41	€ 590.97
	€ 597.85	€ 592.89
	€ 600.29	€ 595.41
		€ 597.85
		€ 600.29

Liúntas d'Fheighlí Sinsearach	€ 72.38
Liúntas d'Fheighlí Sóisearach	€ 28.22

Liúntas d'Fheighlí Sinsearach P&C i gceantar Bhaile Átha Cliath má tá faomhadh faighte ag socruithe sealobre	€ 70.13
Liúntas d'Fheighlí Sóisearach P&C i gceantar Bhaile Átha Cliath má tá faomhadh faighte ag socruithe sealobre	€ 25.97

ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ PCW D'OIBRITHE GINEARÁLTA

OIBRÍ GINEARÁLTA	Iontrálaithe roimh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019	Iontrálaithe i ndiaidh an 1 Eanáir 2011 01/09/2019
	€ 579.02	€ 523.14
	€ 583.51	€ 536.58
	€ 585.36	€ 579.02
	€ 587.11	€ 583.51
	€ 588.89	€ 585.36
	€ 590.81	€ 587.11
	€ 590.81	€ 588.89
	€ 590.81	€ 590.81
	€ 590.81	€ 590.81
	€ 592.42	€ 590.81
	€ 594.91	€ 590.81
	€ 597.34	€ 592.42
	€ 599.80	€ 594.91
		€ 597.34
		€ 599.80

GLANTÓIRÍ

GLANTÓIR Ráta P/A	€ 15.15	€ 13.82
-------------------	---------	---------

Aquisín 2

Alt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015

Leasú ar An Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011

Tá leasú ar An Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 mar gheall ar chur isteach na míre seo a leanas tar éis mhír 16:

“Smacht ar théarmaí agus ar choinníollacha na seirbhíseach poiblí

16A. (1) Sna cásanna seo a leanas—

(a) tá téarma nó coinníoll ceadaithe ag an Aire mar théarma nó coinníoll le bheith curtha i bhfeidhm don am i láthair maidir le fostaíocht aicme nó catagóir sheirbhísigh poiblí (bíodh sé gur ceadú atá le faomhadh atá ann, cineál ceadaithe ar bith eile nó cead an Aire ar chinneadh duine eile san ábhar a dhéanamh), agus

(b) conradh fostaíochta a thugtar do sheirbhíseach poiblí laistigh den aicme nó den chatagóir sin a bhfuil téarma nó coinníoll istigh ann atá ag teacht leis nó atá mar an gcéanna leis an téarma nó coinníoll bunaithe atá ceadaithe ach atá níos buntáistí don seirbhíseach poiblí ná an téarma nó an coinníoll sin,

beidh an conradh i bhfeidhm mar a bheadh an téarma nó coinníoll bunaithe atá ceadaithe (a bhfuil tagairt déanta air faoi fho-ailt (2) agus (3) mar ‘téarma nó coinníoll ceadaithe’) in ionad an téarma nó coinníoll a luaitear den chéad uair in alt (b) (a bhfuil tagairt déanta air faoi fho-ailt (2) agus (3) mar ‘téarma nó coinníoll neamhceadaithe’).

(2) Déanfar neamhaird ar aon suim a íoctar leis an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí leis an téarma nó coinníoll neamhceadaithe atá níos mó ná an tsuim atá iníoctha leis an seirbhíseach poiblí faoin téarma nó coinníoll ceadaithe chun críocha teidlíochta pinsin ar bith a áireamh (teidlíocht chnapshuim agus teidlíocht íocaíochtaí tráthrialta de phinsean san áireamh) don seirbhíseach poiblí sin.

(3) Sa chás a n-íoctar suim leis an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí leis an téarma nó coinníoll neamhceadaithe atá níos mó ná an tsuim iníoctha leis an seirbhíseach poiblí faoin dtéarma nó coinníoll ceadaithe, mar sin—

(a) coinneoidh an seirbhíseach poiblí an ró-íocaíocht ar iontaobhas do chomhlacht na seirbhíse poiblí, agus

(b) gheobhaidh comhlacht na seirbhíse poiblí suim na ró-íocaíochta ar ais ón seirbhíseach poiblí go díreach nó trí asbhaint den luach saothair iníoctha leis an seirbhíseach poiblí sin ina dhiaidh sin nó ar bhealach ar bith eile.

(4) Sa chás—

(a) a dhéantar conradh fostaíochta maidir leis an seirbhíseach poiblí, agus

(b) ina bhfuil téarma nó coinníoll sa chonradh maidir le luach saothair nach bhfuil ag teacht leis nó nach bhfuil mar an gcéanna le téarma nó coinníoll ar bith bunaithe atá ceadaithe ag an Aire maidir le fostaíocht aicme nó catagóir sheirbhísigh poiblí ina gcuirtear an seirbhíseach poiblí cead luaite (bíodh sé gur ceadú atá le faomhadh atá ann, cinéalcheadú

ar bith eile nó cead an Aire ar chinneadh duine eile san ábhar), agus beidh an téarma nó coinníoll curtha ar neamhní.

(5) Déanfar neamhaird ar shuim ar bith íoctha leis an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí le téarma nó coinníoll curtha ar neamhní faoi fho-alt (4) chun críocha teidlíochta pinsin a áireamh (teidlíocht chnapshuim agus teidlíocht íocaíochtaí tráthrialta de phinsean san áireamh) don seirbhíseach poiblí sin.

(6) Sa chás a n-íoctar suim leis an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí le téarma nó coinníoll curtha ar neamhní faoi fho-alt (4) mar sin—

(a) coinneoidh an seirbhíseach poiblí an ró-íocaíocht ar iontaobhas do chomhlacht na seirbhíse poiblí, agus

(b) gheobhaidh comhlacht na seirbhíse poiblí suim na ró-íocaíochta ar ais ón seirbhíseach poiblí go díreach nó trí asbhaint den luach saothair iníoctha leis an seirbhíseach poiblí sin ina dhiaidh sin nó ar bhealach ar bith eile.

(7) Ní ghlacfar le fo-ailt (3) agus (6) mar theorainn ar dhliteanas faoi reacht duine ar bith mar mhíniú ar a leithéid de ró-íocaíocht.

(8) Sa chás nach bhfaightear suim a bhaineann le fo-alt (3) nó (6) ar ais ag comhlacht na seirbhíse poiblí lena mbaineann sé, d'fheadfadh an tAire ordú a thabhairt don chomhlacht sin an tsuim a fháil ar ais, roimh dháta sonraithe, i gcomhréir le fo-alt (3)(b) nó (6)(b), de réir mar is cuí, agus, mura n-éireofar leis an gcomhlacht an tsuim a fháil ar ais, d'fheadfadh an tAire an tsuim a asbhaint de dheontas nó vótáil, nó íocaíocht ar bith den chomhlacht sin amach as airgead tugtha go díreach nó go hindíreach ag an Oireachtas nó ón Lárchiste nó toradh an Chiste sin.

(9) Baineann an t-alt seo le téarma nó coinníoll aontaithe i ndiaidh tús a chur le *halt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015*.

(10) Tá an t-alt seo i bhfeidhm in ainneoin—

(a) achtachán ar bith eile,

(b) scéim pinsin nó socrú ar bith eile,

(c) comhaontú nó socrú conartha ar bith eile, nó

(d) tuiscint, ionchas, ciorclán nó ionstraim nó cáipéis ar bith eile.

(11) San alt seo—

Is ionann “seirbhíseach poiblí” agus duine atá fostaithe ag, nó a choinníonn oifig nó áit eile i gcomhlacht na seirbhíse poiblí;

Is ionann “luach saothair” agus díolaíochtaí a bhaineann le nó atá bainte le caibidil 4 de pháirt 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.”.